| 2015–2016<br>2015–2016<br><br>Across Fingal<br>Ar fud Fhine Gall | **Commemorative plaques/ graveyards project**<br>Fingal County Council Heritage Office will work with local history and heritage groups to apply a consistent approach to plaques and memorials of 1916.<br><br>**Fingal 1916 Historical Trail Fingal**<br>Fingal County Council Heritage Office will work with local history and heritage groups to research local historical sites significant to the events of 1916 and develop a trail with potential for interactive on-line maps. | **Tionscadal reiligí/plaiceanna comórtha**<br>Oibreoidh Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Fhine Gall le grúpaí oidhreachta agus staire áitiúla chun cur chuige seasmhach i leith plaiceanna agus cuimhneacháin 1916 a fheidhmiú.<br><br>**Conair Stairiúil 1916 Fhine Gall**<br>Oibreoidh Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Fhine Gall le grúpaí oidhreachta agus staire áitiúla chun taighde a dhéanamh ar shuíomhanna stairiúla áitiúla atá suntasach d'imeachtaí 1916 agus forbrófar conair lena bhféadfaí mapaí idirghníomhacha ar líne a fhorbairt. |
| 2015 -2016<br>2015–2016<br><br>Across Fingal<br>Ar fud Fhine Gall | **Heritage Week**<br>Fingal County Council Heritage Office will support local groups in delivering a range of projects and events related to Fingal 1916 during Heritage Week in 2015 and 2016 as follows:<br>• Heritage Week 2015: Screening of 'A Terrible Beauty' followed by a panel discussion (see also Fingal 1916 Centenary Film Series)<br>• Fingal in ten items: This annual event organised by the Fingal Heritage Forum will remember 1916. Selected artefacts will be presented to stimulate discussion (Malahide Parish Pastoral Centre).<br>• Heritage Week 2016: The theme nationally for Heritage Week in 2016 will be the 1916 Centenary and the programme of events in Fingal will mirror this.<br>• Heritage lecture series support to local historical groups. | **Seachtain Oidhreachta**<br>Tacóidh Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Fhine Gall le grúpaí áitiúla i seachadadh raon tionscadal agus imeachtaí bainteach le Fine Gall 1916 i rith na Seachtaine Oidhreachta in 2015 agus 2016 mar a leanas:<br>• Seachtain Oidhreachta 2015: 'A Terrible Beauty' á thaispeáint agus painéal plé ina dhiaidh (féach freisin Sraith Scannán Chomóradh Céad Bliain 1916)<br>• Fine Gall i ndeich mír: Déanfaidh an t-imeacht bliantúil seo, atá á eagrú ag Fóram Oidhreachta Fhine Gall, 1916 a thabhairt chun cuimhne. Cuirfear déantáin roghnaithe i láthair le plé a spreagadh (Ionad (Tréadach Pharóiste Mhullach Íde).<br>• Seachtain Oidhreachta 2016: Is é an téama náisiúnta don tSeachtain Oidhreachta in 2016 ná Cuimhneachán Céad Bliain 1916 agus léireoidh clár imeachtaí Fhine Gall é seo.<br>• Tacaíocht do shraith léachtaí oidhreachta do ghrúpaí staire áitiúla. |

Across Fingal
Ar fud Fhine Gall

**Oral History**
Recordings are being compiled by Fingal Library Local Studies and Archives section with relatives of those involved with Fingal and the Fight for Irish Freedom to build a picture of the lives of ordinary people in Fingal during this extraordinary period in our history. These recordings will be made available on the Council's website and will form part of the Fingal 1916 Centenary Exhibition.

**Stair Bhéil**
Tá taifid á gcur le chéile ag rannóg Staidéir Áitiúla agus Cartlann, Leabharlanna Fhine Gall, le gaolta na ndaoine sin a raibh baint acu le Fine Gall agus leis an Troid ar son Saoirse na hÉireann chun pictiúr a chur le chéile de shaol ghnáthdhaoine i bhFine Gall i rith na tréimhse neamhghnáthaí seo sa stair. Beidh na taifid seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle agus beidh siad mar chuid de Thaispeántas Céad Bliain 1916 Fhine Gall.

## The Living Language
## An Teanga Bheo

2016
2016

Across Fingal
Ar fud Fhine Gall

**Irish Language literary events in Library Services.**

**Imeachtaí liteartha Gaeilge i Seirbhísí Leabharlainne.**

2016
2016

Across Fingal
Ar fud Fhine Gall

**Irish language lectures in public libraries.**

**Léachtaí i nGaeilge i leabharlanna poiblí.**

## Youth and Imagination
## An Óige agus an tSamhlaíocht

Draíocht
Blancahrdstown
Draíocht
Baile Bhlainséir

**Draíocht 1916 Centenary Programme**
Draíocht is a multi-purpose arts and entertainment centre. Draíocht's 2016 programme will contain a number of strands that will mark the centenary of the events of 1916. The centre has approximately 50,000 visitors annually and the programme will be designed to appeal to as wide an audience as possible. A key element of the programme will be the One Book, One Fingal project, based on the children's book 'Friend or Foe' by Brian Gallagher, set around the events of 1916. The project will involve 5th and 6th class and 1st year pupils and students of Dublin 15 primary(32) and post primary (9) schools. The purpose of the project is to engage children from the local area, facilitating them to respond to the events of 1916 through a quality artistic process, to engage the participants in a way that has meaning for them, to give them a voice in the celebrations and to the Ireland that they want to live in. This project will deliver four core elements:

- Working with local author Brian Gallagher through his children's novel 'Friend or Foe', by facilitating Meet the Author events for 5th and 6th class and 1st year pupils and students in every Dublin 15 primary and secondary school.
- Intensive workshops in a smaller number of Dublin 15 Schools over September 15 to April 16.
- Sharing of work in the individual schools.
- Project culminating in a celebratory event and three-month exhibition from April to June 2016, which may then tour countywide.

**Other events**

- Presentation of two theatre pieces focusing on the events of 1916 (one for children and one for adults) in Spring 2016.
- A lecture series with Des McGuinness on the impact of 1916 on visual art practice.
- A film programme in partnership with the IFI and Access Cinema.

**Clár Chomóradh Céad Bliain 1916 de chuid Draíocht**
Is ionad siamsaíochta agus ealaíon ilchuspóireach, é Draíocht. Beidh roinnt snáitheanna i gclár Draíocht 2016 a dhéanfaidh cuimhneachán céad bliain imeachtaí 1916 a chomóradh. Bíonn thart ar 50,000 cuairteoir in aghaidh na bliana ag an ionad agus beidh an clár ceaptha lucht féachana chomh leathan agus is féidir a mhealladh. Beidh an tionscadal Leabhar Amháin, Fine Gall Amháin, bunaithe ar an leabhar do ghasúir 'Friend or Foe' le Brian Gallagher atá bunaithe ar imeachtaí 1916, ina phríomhghné den chlár. Beidh na daltaí agus na mic léinn ó rang 5, 6 agus ón 1ú Bliain i mBunscoileanna (32) agus Iarbhunscoileanna (9) Bhaile Átha Cliath 15 páirteach sa tionscadal. Is é cuspóir an Tionscadail dul i bpáirt le páistí ón gceantar áitiúil, á n-éascú chun freagairt d'imeachtaí 1916 trí phróiseas ealaíonta ardchaighdeáin, chun teagmháil a dhéanamh le rannpháirtithe ar bhealach a dtuigeann siad, glór a thabhairt dóibh sna ceiliúrthaí agus breathnú ní hamháin ar gcúl ach chun tosaigh ar an Éirinn ar mian leo cónaí inti. Déanfaidh an Tionscadal seo ceithre ghné lárnacha a sheachadadh:

- Oibriú leis an údar áitiúil, Brian Gallagher, trína úrscéal do ghasúir 'Friend or Foe', agus imeachtaí Buail leis an Údar á n-éascú do dhaltaí agus do mhic léinn ón 5ú, 6ú rang agus ón 1ú bliain i ngach bunscoil agus meánscoil i mBaile Átha Cliath 15.
- Diancheardlanna i líon níos lú de Scoileanna i mBaile Átha Cliath 15 ó Mheán Fómhair 2015 go Aibreán 2016.
- Obair a chomhroinnt sna scoileanna aonair.
- An tionscadal á thabhairt chun críche in imeacht ceiliúrtha agus i dtaispeántas 3 mhí ó Aibreán go Meitheamh 2016, a rachaidh ar thuras an chontae ansin b'fhéidir.

**Imeachtaí eile**

- Cur i láthair dhá phíosa amharclainne ag díriú ar imeachtaí 1916 (ceann do pháistí agus ceann do dhaoine fásta) in Earrach 2016.
- Sraith léachtaí le Des McGuinness ar thionchar 1916 ar chleachtas na n-amharc-ealaíon.
- Clár scannán i gcomhar leis an IFI agus le Access Cinema.

2016
2016

On-line
Ar líne

**Fingal Libraries Local Studies and Archives 1916 Resource Pack**
An on-line resource supporting research on 1916 for primary and post primary schools: A range of scanned and printed materials and information on how to access the library online catalogue will be compiled. It will include suggested useful links to online resources e.g. the military pensions and bureau of military history witness statements. Every school in Fingal will be sent a letter to encourage them to use the resource.

**Paca Acmhainne 1916 ón rannóg Staidéir Áitiúla agus Cartlann, Leabharlanna Fhine Gall**
Acmhainn ar líne a thacaíonn le taighde ar 1916 do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna. Raon ábhar agus eolais scanáilte agus clóbhuailte a thiomsú ar conas rochtain a fháil ar chatalóg ar líne na leabharlainne. Áireofar ann naisc úsáideacha mholta chuig acmhainní ar líne e.g. pinsin mhíleata agus biúró de ráitis finné na staire míleata. Cuirfear litir chuig gach scoil i bhFine Gall á spreagadh le húsáid a bhaint as an acmhainn.

2016
2016

Across Fingal
Ar fud Fhine Gall

**Historical re-enactments for primary schools**
Fingal Libraries will organise historical re-enactment sessions for 5th and 6th Classes across Fingal with Michael Moylan of 'History Live'. This highly interactive project aims to bring to life the events of 1916 for young people throughout the county and to stimulate reflection on our heritage.

**Ath-achtuithe stairiúla do bhunscoileanna**
Eagróidh Leabharlanna Fhine Gall seisiúin ath-achtaithe do Ranganna 5 agus 6 ar fud Fhine Gall le Michael Moylan ó 'Stair Bheo'. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal fíor-idirghníomhach seo beocht a chur in imeachtaí 1916 do dhaoine óga ar fud an chontae agus chun machnamh ar ár n-oidhreacht a spreagadh.

Skerries
Na Sceirí

**Skerries Roll of Honour Project**
Fingal Local Studies and Archive in partnership with Skerries Historical Society and Skerries Community College will research a list of World War 1 servicemen, from the locality, produced in 1916. The aim of the project is to engage with young people to explore local or family connections to international events of 1916.

**Tionscadal Rolla Onóracha na Sceirí**
Déanfaidh Staidéir Áitiúla agus Cartlann Fhine Gall i gcomhar le Cumann Staire na Sceirí agus Coláiste Pobail na Sceirí taighde ar liosta de bhaill na bhfórsaí armtha ón gCéad Chogadh Domhanda, ón gceantar, a cuireadh ar fáil i 1916. Is é aidhm an tionscadail tabhairt ar dhaoine óga naisc theaghlaigh nó áitiúla le himeachtaí idirnáisiúnta 1916 a fhiosrú.

# Cultural Expression
# Léiriú Cultúrtha

APRIL 2016
AIBREÁN 2016

Swords
Sord

**Fingal 1916 Public Arts Commission**
Fingal County Council announced a scheme inviting applications for a new Public Arts Commission in to support a new artwork in honour of the contribution of men and women from Fingal to the Fight for Irish Freedom. It is open to all art forms and aimed at professional artists. The commission amount will be €35,000 and 20 applications have been received. The award will be made in Autumn and the piece will be launched at the Fingal 1916 Centenary Commemorative Day. The commissioned artists will have the opportunity to work with the county archive, commemoration committee experts and to connect with those with local knowledge and those closely associated with and engaged in current research around the events of 1916 in Fingal.

**Coimisiún Ealaíon Poiblí 1916 Fhine Gall**
D'fhógair Comhairle Contae Fhine Gall scéim ag lorg iarratas ar Choimisiún Ealaíon Poiblí nua chun tacú le saothar ealaíne nua in onóir an méid a rinne fir agus mná ó Fhine Gall sa troid ar son Saoirse na hÉireann. Tá sé oscailte do gach cineál foirm ealaíne agus tá sé dírithe ar ealaíontóirí gairmiúla. Is é €35,000 méid an choimisiúin agus tá 20 iarratas faighte. Déanfar an bronnadh san Fhómhar agus seolfar an píosa ar Lá Comórtha Céad Bliain 1916 Fhine Gall. Beidh an deis ag na healaíontóirí coimisiúnaithe oibriú le cartlann an chontae, saineolaithe an choiste comórtha agus caidreamh a dhéanamh leo siúd a bhfuil eolas áitiúil acu agus leo siúd a bhfuil baint dhlúth acu agus atá rannpháirteach i dtaighde reatha thart ar imeachtaí 1916 i bhFine Gall.

24.02.16

Swords
Sord

**Poetry Workshop**
Fingal Libraries have engaged renowned poet Colm Keegan to facilitate a workshop on poetry and the Rising.

**Ceardlann Filíochta**
Tá an file aitheanta Colm Keegan fostaithe ag Leabharlanna Fhine Gall chun ceardlann ar fhilíocht agus ar an Éirí Amach a éascú.

2016
2016

Fingal Libraries
Leabharlanna Fhine Gall

**History Live Sessions**
Fingal libraries have engaged historian Michael Moylan to deliver a lecture the 1916 Experience for Women and Civilians

**Seisiúin na Staire Beo**
Tá leabharlanna Fhine Gall tar éis an staraí Michael Moylan a fhostú chun léacht a thabhairt ar Eispéireas 1916 do Mhná agus do Shibhialtaigh.

2016
2016

Seamus Ennis Centre, The Naul
Ionad Shéamuis Ennis, An Aill

**Seamus Ennis Art Centre 1916 Centenary Programme**

Seamus Ennis Centre is a multi-disciplinary centre for Culture and the Arts in rural, North Fingal. The centre will have a programme of Centenary events including:

- The 1916 Song Project including a series of performances, accompanying seminars and new compositions (see Ceremonial events).
- Themed film showings as part of the Centres monthly film club, with period films supplied by the IFI, through their 'Moving History Commemoration on Film National touring' programme, it will include: Feature Film Strand, Newsreels of the time and an Education Programme.
- Céilí Mhór: A major outdoor traditional music céili, which will take place in the Pipers garden at the Centre, and will be themed 'Easter Week'.

The Seamus Ennis Arts Centre will programme other events, including, lectures and educational programmes as they become available, through touring theatre companies and others.

**Clár Chomóradh Céad Bliain 1916 Ionad Ealaíne Shéamuis Ennis**

Is ionad ildisciplíne é Ionad Shéamuis Ennis do Chultúr agus do na hEalaíona i dTuaisceart tuaithe Fhine Gall. Beidh clár imeachtaí Chomóradh Céad Bliain ag an ionad lena n-áirítear:

- Tionscadal Amhrán 1916 lena n-áirítear sraith léirithe, seimineáir tionlacain agus saothair nua (féach imeachtaí Searmanais Stáit).
- Taispeántais scannán téamúla mar chuid de chlub scannán míosúil an Ionaid, le scannáin na linne á gcur ar fáil ag an IFI, tríd a gclár 'Comóradh na Staire Beo ar Scannáin Náisiúnta turasóireachta', áireofar ann Snáithe Príomhscannán, Nuachtscannán na linne sin agus Clár Oideachais.
- Céilí Mór: Mórchéilí ceoil traidisiúnta amuigh faoin spéir a reáchtálfar i ngáirdín na bPíobairí ag an ionad agus beidh téama ag díriú ar 'Seachtain na Cásca' leis.

Beidh imeachtaí eile ar chlár Ionad Ealaíne Shéamuis Ennis, lena n-áirítear léachtaí agus cláir oideachais de réir mar a bhíonn fáil orthu ó chuideachtaí amharclainne turasóireachta agus eile.

## Community Participation
## Rannpháirtíocht Phobail

11.02.15
Malahide Castle
Caisleán Mhullach Íde

25.03.15
Swords
Sord

19.05.15
Swords
Sord

**Presentations**

Presentations were made to the Fingal Historical Network, the Fingal Public Participation Network (PPN) Plenary meeting and the Fingal Senior Citizen's Forum AGM outlining the draft proposals and providing an opportunity for groups to have an input into the process.

**Cuir i Láthair**

Rinneadh cuir i láthair ag Líonra Staire Fhine Gall, cruinniú iomlánach Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall (PPN) agus AGM Fhóram Saoránach Sinsearach Fhine Gall ag tabhairt cur síos gearr ar na dréacht-thograí agus ag cur deis ar fáil do ghrúpaí ionchur a bheith acu sa phróiseas.



05.05.15
Castleknock
Caisleán Cnucha

07.05.15
Swords
Sord

**Fingal Public Information Evenings**

Two public consultation events were held in Castleknock and Swords at which community groups and members of the public were given the opportunity to participate in the process of developing an appropriate programme of actions.

**Tráthnóntaí Eolais Poiblí Fhine Gall**

Reáchtáladh dhá imeacht comhairliúcháin phoiblí i gCaisleán Cnucha agus in Óstán Chúirt Carnegie i Sord áit ar tugadh deis do ghrúpaí pobail agus do dhaoine den phobal a bheith rannpháirteach i bpróiseas forbartha cláir ghníomhaíochtaí cuí.

26.09.2015
Grand Hotel, Malahide
Grand Hotel, Mullach Íde

07.11.2015
The Atrium, Fingal County Council Offices, Blanchardstown
An Atrium, Oifigí Chomhairle Contae Fhine Gall, Baile Bhlainséir

**Fingal Memorabilia Days**

Relatives and the public will be invited to contribute and share stories, artefacts, photos of their connections to the unique story of Fingal and the pivotal role played by Fingallians in the fight for Irish freedom in 1916. The recorded information will be available as part of the legacy of the Fingal Centenary in an on-line archive to honour those involved and raise awareness of the national significance of the role of Fingal in these events. Selected pieces will be showcased in the exhibition in Swords Castle that will be part of the culmination of the Centenary celebrations. Two events will be held at two different locations in the county to make this initiative county wide and to maximise community participation in the Fingal 1916 Centenary commemorations.

**Laethanta Earraí Cuimhneacháin Fhine Gall**

Tabharfar cuireadh do ghaolta agus don phobal scéalta, déantáin, grianghraif dá naisc le scéal uathúil Fhine Gall agus an ról ríthábhachtach a bhí ag muintir Fhine Gall sa troid ar son saoirse na hÉireann i 1916 a chur isteach agus a chomhroinnt. Beidh an t-eolas taifeadta ar fáil mar chuid d'oidhreacht Chéad Bliain Fhine Gall i gcartlann ar líne chun urraim a thabhairt dóibh sin a bhí páirteach agus chun cur le feasacht ar shuntas náisiúnta ról Fhine Gall sna himeachtaí seo. Taispeánfar píosaí a roghnaítear sa taispeántas i gCaisleán Shoird a bheidh mar chuid de chríoch an chomóraidh Céad Bliain. Reáchtálfar dhá imeacht ag dhá ionad dhifriúla sa chontae le gur tionscnamh ar fud an chontae a bheidh ann agus le rannpháirtíocht phobail i gcomóradh Céad Bliain 1916 Fhine Gall a uasmhéadú.

2015–2016
2015–2016

Across Fingal
Ar fud Fhine Gall

**Fingal 1916 Centenary Fund 2015- 2016**

Fingal County Council will support individuals and groups to run events and projects as part of the Centenary Commemoration. The scheme is open for application until June 2016. Over a two year period €60,000 will be made available to fund this partnership approach spanning the county. It's anticipated that 50 -100 groups or individuals will avail of the fund and to date applications have been received from a diverse range of applicants

**Ciste Chomóradh Céad Bliain**

1916 Fhine Gall 2015- 2016

Tabharfaidh Comhairle Contae Fhine Gall tacaíocht do dhaoine aonair agus do ghrúpaí imeachtaí agus tionscadail a reáchtáil mar chuid den Chomóradh Céad Bliain. Tá an scéim oscailte d'iarratais go dtí Meitheamh 2016. Cuirfear €60,000 euro ar fáil thar thréimhse dhá bhliain chun an cur chuige comhpháirtíochta seo ar fud an chontae a mhaoiniú. Meastar go mbainfidh idir 50 -100 grúpa nó duine aonair leas as an gciste agus go dtí seo tá iarratais faighte ó raon ilchineálach iarrthóirí lena n-áirítear cumainn staire,

including historical societies, film societies, and women's groups. Projects range from reproducing costumes of the time to provision of park benches to commemorate volunteers in the green spaces of their own neighbourhoods. These events and projects will ensure representation of local communities in the overall county programme for the Centenary Commemoration.

cumainn scannán, agus grúpaí ban. Tá raon tionscadal ann ó éadaí na linne sin a atáirgeadh go soláthar binsí páirceanna chun óglaigh a chomóradh i réimsí glasa a gcomharsanachtaí féin. Cinnteoidh na himeachtaí agus na tionscadail seo ionadaíocht phobal áitiúla sa chlár contae foriomlán don Chomóradh Céad Bliain.

**Fingal's Community Centres**
The Centres will be encouraged to avail of funding to engage the community in commemorations at local level.

**Ionaid Phobail Fhine Gall**
Spreagfar na hIonaid le leas a bhaint as maoiniú chun an pobal a chur i mbun oibre sna himeachtaí comórtha ag an leibhéal áitiúil.

2016
2016

Across Fingal
Ar fud Fhine Gall

**Memory Makers–Remembering 1916**
Fingal County Council's Community Department plans to theme its existing Memory Makers programme to support commemoration of 1916. This popular annual programme encourages people over 55 to reflect on a moment special to them that can be represented through various craft media. The 2016 project will focus on memories of the 1916 Centenary. Entries in the project will be published in a commemorative booklet.

**Memory Makers–1916 á thabhairt chun cuimhne**
Tá sé i gceist ag Rannóg Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall téama a thabhairt don chlár *Memory Makers* atá ann cheana chun tacú le comóradh 1916. Spreagann an clár bliantúil móréilimh seo daoine os cionn 55 chun machnamh a dhéanamh ar nóiméad atá speisialta dóibh ar féidir a léiriú trí mheáin cheirde éagsúla. Díreoidh tionscadal 2016 ar chuimhní Céad Bliain 1916. Foilseofar iontrálacha sa tionscadal seo i leabhrán cuimhneacháin.

2016
2016

Newbridge House
Teach an Droichid Nua

**Flavours of Fingal County Show**
This annual, showcase event, which celebrates Fingal's rich agricultural heritage and local food production, took place in June 2015 and 65,000 people attended. Re-enactors from the Old IRA and Irish Military Living History attended in uniform to promote the upcoming Fingal Memorabilia Days and raise awareness of the upcoming programme. It is intended to include commemorative elements in the show in 2016.

**Blasanna Seó Contae Fhine Gall**
Tionóladh an t-imeacht bliantúil sárthaispeántais seo, a cheiliúrann oidhreacht talmhaíochta shaibhir Fhine Gall agus táirgeadh bia áitiúil, i Meitheamh 2015 agus d'fhreastail 65,000 duine air. Bhí ath-achtóirí on SeanIRA agus ó Stair Bheo Mhíleata na hÉireann faoi éide le bolscaireacht a dhéanamh do Laethanta Earraí Cuimhneacháin Fhine Gall agus feasacht ar an gclár a bhí ag teacht aníos a mhéadú. Tá sé i gceist gnéithe comórtha a bheith san áireamh sa seó i 2016.



## Global and Diaspora
## Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

2016
2016

Across Fingal
Ar fud Fhine Gall

Town twinning committees will be encouraged and supported to engage with their partners in an appropriate commemorative event during 2016.

Spreagfar agus tabharfar tacaíocht do choistí nasctha bailte chun dul i bpáirt lena gcomhpháirtithe in imeacht comórtha cuí i rith 2016.

| FINGAL 2016 CENTENARY COMMITTEE | COISTE ÉIRE 2016 FHINE GALL |
|---|---|
| Eithne Mallin | Eithne Mallin |
| Noel MacAllister | Noel MacAllister |
| Gerry Clabby | Gerry Clabby |
| Yvonne O Brien | Yvonne O Brien |
| Ide DeBairtiseil | Ide DeBairtiseil |
| Colm McQuinn | Colm McQuinn |
| Margaret Geraghty | Margaret Geraghty |
| Betty Boardman | Betty Boardman |
| Rory O Byrne | Rory O Byrne |
| Helena Bergin | Helena Bergin |
| Pat Queenan | Pat Queenan |
| Cllr Joe Newman | An Comhairleoir Joe Newman |
| Cllr Adrian Hench | An Comhairleoir Adrian Hench |
| Cllr Daire Ní Laoí | An Comhairleoir Daire Ní Laoí |
| Cllr JP Brown | An Comhairleoir JP Brown |
| Cllr Ken Farrell | An Comhairleoir Ken Farrell |

### FINGAL IRELAND 2016 COORDINATOR:

For further information about this Programme please contact our 2016 Coordinator:

**Eithne Malin**
e: eithne.mallin@fingal.ie
t: 087 20312744
w: www.fingal.ie

### COMHORDAITHEOIR ÉIRE 2016 NA FHINE GALL:

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gClár seo déan teagmháil, le do thoil, lenár gComhordaitheoir 2016:

**Eithne Malin**
r: eithne.mallin@fingal.ie
g: 087 20312744
i: www.fingal.ie

ÉIRE
IRELAND

1916 2016

Clár Comórtha
Céad Bliain
*Centenary*
*Programme*


Fingal County Council,
County Hall, Main Street,
Swords, Co. Dublin
K67 X8Y2
e: info@fingal.ie
t: (01) 890 5000
w: www.fingal.ie

Comhairle Contae Fhine Gall,
Halla an Chontae,
An tSráid Mhór, Sord,
Co. Bhaile Átha Cliath,
K67 X8Y2
r: info@fingal.ie
g: (01) 890 5000
i: www.fingal.ie


ireland.ie

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council